Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7766/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0078(NLE)**

**AELE 12**
**EEE 9**
**N 32**
**ISL 24**
**FL 10**
**MI 235**
**SOC 206**
**EMPL 144**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 149 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (EU-OSHA) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 149 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 149 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2023
COM(2023) 149 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(EU-OSHA)**

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimhir […]**

**an […]**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun go gcumhdófar Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1].

(2) Le Rialachán (AE) 2019/126, aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[2], atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go bhféadfaidh an comhar leathnaithe sin a bheith ann ón 1 Eanáir 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs mhír 11 d’Airteagal 5 de Phrótacal 31:

‘(a) Beidh Stáit CSTE rannpháirteach go hiomlán sa Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), dá ngairtear an ‘Ghníomhaireacht’ anseo feasta, arna cur ar bun leis an ngníomh seo a leanas de chuid an Aontais:

- **32019 R 0126**: Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 58).

(b) Déanfaidh Stáit CSTE ranníocaíochtaí airgeadais i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe (a) i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(a) den Chomhaontú agus le Prótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú.

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
[2] IO L 216, 20.8.1994, lch. 1.

(c) Beidh Stáit CSTE rannpháirteach go hiomlán sa Bhord Bainistíochta agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála.

(d) Na téarmaí 'Ballstát/Ballstáit' agus téarmaí eile, lena dtagraítear dá n-eintitis phoiblí, atá in Airteagal 12 den Rialachán, tuigfear gur téarmaí iad lena gcuimsítear Stáit CSTE agus a n-eintitis phoiblí siúd, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

(e) Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an nGníomhaireacht. Beidh aici, i stáit uile na bPáirtithe Conarthacha, an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe.

(f) Deonóidh Stáit CSTE pribhléidí agus díolúintí don Ghníomhaireacht agus dá foireann, pribhléidí agus díolúintí is coibhéiseach leo sin atá i bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh.

(g) De mhaolú ar Airteagail 12(2)(a) agus 82(3)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, náisiúnaigh de chuid Stáit CSTE a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh, féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta iad a fhostú faoi chonradh.

(h) De mhaolú ar Airteagail 12(2)(e), 82(3)(e) agus 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 129(1) den Chomhaontú, measfaidh an Ghníomhaireacht gur teangacha de chuid an Aontais iad dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i ndáil lena baill foirne.

(i) De bhua Airteagal 79(3) den Chomhaontú, beidh feidhm ag Cuid VII (Forálacha Institiúideacha) den Chomhaontú maidir leis an mír seo.

(j) Maidir le Rialachán (AE) 2019/126 a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[3] i ndáil le haon doiciméad de chuid na Gníomhaireachta a bhaineann le Stáit CSTE freisin.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

[3] IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*An tUachtarán*

*[…]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
*[…]*

**Dearbhú Comhpháirteach ó na Páirtithe Conarthacha**

**i gCinneadh Uimh…/... lena n-ionchorpraítear sa Chomhaontú Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Aithníonn na páirtithe go bhfuil ionchorprú an ghnímh seo gan dochar do chur i bhfeidhm díreach Phrótacal 7 i ndáil le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir le náisiúnaigh de chuid Stáit CSTE ar chríoch gach Ballstáit den Aontas Eorpach, de bhun Airteagal 11 den Phrótacal sin.